



**Scéim Teanga Choláiste na hOllscoile Baile  
Átha Cliath 2018-2021 faoi Alt 11 d'Acht na  
dTeangacha Oifigiúla 2003**

**SCÉIM TEANGA 2018-2021**

**An COLÁISTE OLLSCOILE, BAILE ÁTHA CLIATH**

Caibidil 1	Réamhrá agus Cúlra	Leathanach 3
Caibidil 2	Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Institiúide	Leathanach 5
Caibidil 3	Achoimre na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí a Sholáthraíonn na Rannóga	Leathanach 9
Caibidil 4	Monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime	Leathanach 25
Caibidil 5	An Scéim Aontaithe a Phoibliú	Leathanach 26

## **Caibidil 1 Réamhrá**

### **1. Réamhrá**

Ullmhaíodh an Scéim faoi Alt 11 d'Acht na Teangacha Oifigiúla 2003 ag UCD, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath. Forálann Alt 11 den Acht d'ullmhú scéime reachtúla ag comhlachtaí poiblí ag cur síos ar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus ar na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil ar fáil trí mheán na Gaeilge, a sholáthar amhlaidh, nuair is cuí, laistigh d'achar ama aontaithe.

### **Dáta Tosaithe na Scéime**

Cuirtear an Scéim seo isteach lena daingniú ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim seo le héifeacht ón 01/04/2018 agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse 3 bliana ón data seo nó go dtí go mbeidh Scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun *Alt 15* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé ceann is déanaí.

### **2. Treoirínite d'ullmhú na Scéime**

Forálann *Alt 12* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú treoirínite ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus á n-eisiúint do chomhlachtaí poiblí le cuidiú leo in ullmhú dréacht-Scéimeanna. Dréachtaíodh an Scéim seo i gcomhréir leis na treoirínite seo.

### **Próiseas Comhairliúcháin agus Meitheal**

Bhunaigh Cláraitheoir agus Uachtarán Ionaid na hOllscoile meitheal leis an Ollscoil a ullmhú roimh iarratas ón Aire go gcuirfí scéim isteach. Cuimsíonn an Mheitheal ceithre bhall déag atá ionadaíoch ar aonaid riaracháin agus acadúla ar fud na hOllscoile agus Aontas na Mac Léinn agus tá Dlíodóir na hOllscoile agus an Bainisteoir Gnóthaí Dlíthiúla ina chathaoirleach uirthi.

Chomh maith leis seo, tá an Ollscoil tar éis dul i bpáirt le comhairliúchán poiblí agus i gcomhairle le Cinn Scoileanna agus Aonad éagsúla agus tá sé i gceist aici leanúint leis an gcomhairliúchán mar chuid de chur i bhfeidhm na Scéime.

Bhí ionchuir ag mic léinn in ullmhú na Scéime trí ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn.

### **2. Misean na hOllscoile**

An misean atá againn anseo i UCD cuidiú le Baile Átha Cliath, le hÉirinn agus an domhan mór a chur chun cinn trí fheabhas ar ár gcuid taighde, scoláireachtaí, chaighdeán ár gcéimithe agus rannpháirteacht domhanda; pobal tacaíochta á chur ar fáil ina gcumasaítear gach ball den Ollscoil a lánacmhainn a bhaint amach.

Agus a féiniúlacht ar leith á forbairt tuilleadh, beidh an Ollscoil ina pobal ardchéimiúil léannta ionchuimsithe agus éagsúil de mhic léinn, dámh agus foireann, iad ag cur le forbairt na hÉireann, le linn dóibh seasamh domhanda, tuiscint agus tionchar a bheith acu. Leanfaidh UCD de bheith ina hOllscoil sármhaith diantaghde, áit a bhfuil sraith chuimsitheach de dhisciplíní láidre mar bhonn do thaighde ardcháilíochta idirdhisciplíne, léinn agus nuálaíochta. Leis an gcomhcheangal seo de thaighde ceannródaíoch disciplín agus idirdhisciplín tabharfaimid aghaidh go bríomhar ar shaincheisteanna agus ar dhúshláin shuntasacha domhanda.

Beidh ár gcéimithe lán le heolas faoin am atá caite, agus beidh ar a gcumas a bhfuil ag tarlú faoi láthair a cheistiú go criticiúil agus an todhchaí a shamhlú. Trí eispéireas oideachasúil iomlánaíoch dírithe ar an mac léinn agus treoraithe ag an taighde a bhfuil idir leithead agus doimhneacht ann, beidh siad trealmhaithe leis an eolas, na scileanna, an taithí agus na dearchtaí atá riachtanach chun feidhmiú go rathúil i sochaithe na hÉireann agus an domhain anois agus amach anseo.

Agus ardchaidreamh aici go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, beidh UCD aitheanta mórthimpeall an domhain mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann. Dá réir sin, beimid domhanda i ndáiríre inár raon cuimsitheach disciplíní, in aimsiú agus i dtionchar ár dtaighde agus ár nuálaíochta, inár n-eispéireas oideachasúil iomlánaíoch, in éagsúlacht ár bpobal Ollscoile, inár gcaidreamh le gach eanáil den tsochaí agus le gach réigiún den domhan agus i gcáilíocht agus i bhfairsinge ár gcampais agus ár saoraidí. Beimid sainiúil inár ngastacht, ár nuálaíocht, ár dtiomantas don cheartas, don ionchuimsitheacht agus don chairdiúlacht. Tabharfaimid an chuid is fearr den domhan go hÉirinn, agus an chuid is fearr d'Éirinn, lena n-áirítear a sainchultúir ar leith, go dtí an domhan mór.

Is mór ag UCD na luachanna seo a leanas ina gníomhaíochtaí uile: barr feabhais, ionracas, coláisteacht, rannpháirtíocht agus éagsúlacht

## **Caibidil 2 Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Institiúide**

### **2.1 Struchtúr – Coláistí agus Scoileanna**

- Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD
- Scoil na gClasaicí UCD
- Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD
- Scoil na Staire UCD
- Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD
- Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD
- Scoil an Cheoil UCD

#### **An Coláiste Gnó UCD**

- An Coláiste Gnó UCD

#### **Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD**

- Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Chomhshaoil UCD
- Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD
- Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD
- Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD
- Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta
- Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD

#### **Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD**

- Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD
- Scoil an Altranais, an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD
- Scoil an Leighis UCD
- Scoil an Leighis Tréidliachta UCD
- Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD

#### **Coláiste na hEolaíochta UCD**

- Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD
- Scoil na Ríomheolaíochta UCD
- Scoil na Fisice UCD
- Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD

- Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD
- Scoil na Ceimice UCD
- Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD

### **Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD**

- Scoil na Seandálaíochta UCD
- Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD
- Scoil na Síceolaíochta UCD
- Scoil na hEacnamaíochta UCD
- Scoil Dlí Sutherland UCD
- Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD
- Scoil an Oideachais UCD
- Scoil na Fealsúnachta UCD
- Scoil na Socheolaíochta UCD
- Scoil na Tíreolaíochta UCD
- Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD

---

### **Institiúidí agus Ionaid UCD**

- Ionad an Léinn Astrálaigh UCD
- Institiúid Clinton an Léinn Mheiriceánaigh UCD
- Ionad an Léinn Cheanadaigh UCD
- Ionad do Stair an Leighis in Éirinn UCD
- Ionad do Léann Inscne agus Féiniúlachtaí UCD
- Ionad do Léann Cogaidh UCD
- Ionad Taighde James Joyce UCD
- Ionad Stair na Meán UCD
- Ionad na nEalaíon Cruthaitheach agus Cultúir Chriticiúla UCD & NCAD
- Lárionad de Bhaldráithe do Léann na Gaeilge UCD
- Ionad Anailísíochta Gnó UCD
- Ionad Margaí Airgeadais UCD
- Ionad an Rialachais Chorparáidigh UCD
- Ionad Taighde Cantillon don Fhiontraíocht, Dearadh agus Nuálaíocht UCD
- Ionad do Theicneolaíocht & Eagrú Nuálaíochta UCD
- Ionad um Innealtóireacht Bhithleighe UCD
- Ionad um Innealtóireacht Déantúsaíochta UCD
- Ionad um Thaighde Bonneagair Chriticiúil UCD
- Ionad Idirlión na nEarraí Innealtóireachta UCD
- Ionad Dooge um Thaighde Acmhainní Uisce UCD

- Ionad Taighde Ábhar Eolaíochta & Innealtóireachta UCD
- Ionad um Ghreamaitheacht agus Greamachán UCD
- Ionad um Thacaíocht agus Oiliúint i dTaighde agus in Anailís UCD
- Ionad Taighde in Aimhréidheanna Diaibéitis UCD
- Ionad do Léann Spóirt UCD
- Ionad Náisiúnta Faireachais Chothaithe UCD
- Ionad um Thaighde Foraoise UCD
- Ionad um Atáirgeadh Daonna UCD
- Ionad Taighde um Phian Aistritheach UCD
- Ionad Acadúil ar Ghalair Neamhchoitianta UCD
- Ionad Taighde do Dhearadh Ionchuisitheach UCD
- Ionad um Ghníomh Daonnúil UCD
- Ionad d'Eolaíocht Leighis Éigeandála UCD
- Ionad Acadúil um Thaighde Péidiatrach UCD
- Ionad Náisiúnta do Chosaint Daoine Scothaosta UCD
- Ionad Sábháilteachta Bia UCD
- Ionad um Thaighde Aistritheach Sláinte Ainmhí UCD
- Ionad Epidéimeolaíochta Tréidliachta agus Anailís Riosca UCD
- Ionad Bithfhaisnéisíochta UCD
- Ionad um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair UCD (CSHWW)
- Ionad um Thaighde Seirbhísí Sláinte UCD
- Ionad Taighde um Fhorbairt Dhaonna agus Luathóige UCD
- Ionad Meitéareolaíochta & Aeráide UCD
- Ionad Cibearshlándála agus Fiosraithe Cibearchoireachta UCD
- Ionad Náisiúnta do Gheolaíocht Íseatópach i UCD
- Ionad Plandeolaíochta UCD
- Ionad um Thaighde Ialtóige na hÉireann ag UCD
- Institiúid Chaireolaíochta UCD
- Institiúid Eorpach Bhaile Átha Cliath UCD
- Ionad Idirnáisiúnta do Léann Newman UCD
- Ionad Léinn Chomhionannais UCD
- Ionad um Staidéar Míchumais UCD
- Ionad Acadúil Réitigh Forbartha Inbhuanaithe UCD
- Institiúid Léann na Breataine na hÉireann UCD (IBIS)
- Ionad Léann na mBan UCD
- Ionad um Chearta an Duine UCD

-----

### **Riarachán na hOllscoile**

- Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil
- Oifig Achomhairc Measúnuithe
- Bord na Gaeilge
- Seirbhísí Eastáit
- Oifig an Sparánaí

- Ionad Forbartha Gairme
- Oifig Chumarsáide
- Aonad Bronnadh na gCéimeanna
- Forbairt agus Caidreamh Alumni
- Údarás Ceannais
- Staidéar Iarchéime
- Acmhainní Daonna
- Iniúchadh Inmheánach
- Oifig Idirnáisiúnta
- Seirbhísí IT
- Oifig Dí
- Leabharlann
- Oifig an Uachtaráin
- Oifig Soláthair
- Oifig Dearbhú Cáilíochta
- Aonad Bainistithe Taifead agus Saoráil Faisnéise
- Cláráitheoir agus Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, Uachtarán Ionaid
- Clárlann
  - Seirbhísí Riaracháin
  - Measúnú
  - Iontrálacha
  - Earcaíocht Mac Léinn
- Oifig Shábháilteachta, Árachais, Riosca Oibríochtúil agus Comhlíonta (SIRC)
- Seirbhísí agus Saoráidí Mac Léinn
- Taighde UCD



## **Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí/Gníomhaíochtaí a Sholáthraíonn Rannóga Seirbhísí a sholáthraítear trí Ghaeilge/ go dhátheangach.**

### **3.1 Bord na Gaeilge**

#### **Cúlra Bhord na Gaeilge**

I Meitheamh 1996 bhunaigh Uachtarán na hOllscoile ag an am sin, an Dr Art Cosgrove an 'Coiste d'úsáid na Gaeilge i Saol na hOllscoile' leis na téarmaí tagartha seo a leanas: Doiciméad a bhreithniú agus a chur ar fáil ar bheartas chun úsáid na Gaeilge san Ollscoil a spreagadh. Tháinig an coiste le chéile ceithre huairé idir Iúil agus Nollaig 1996 agus chuir tuarascáil dhátheangach ar fáil.

Ar achoimre na moltaí áiríodh:

- Ceapachán Oifigeach Gaeilge lánaimseartha;
- Bunú Bhord na Gaeilge;
- Comharthaíocht Dhátheangach a Thabhairt isteach ar fud na hOllscoile; agus
- Soláthar deiseanna foghlamtha struchtúrtha do gach catagóir foirne agus baill foirne agus mic léinn a spreagadh chun a gcumas teanga a úsáid i suíomhanna neamhfhoirmeálta san Ollscoil.

Ó shin tá dul chun cinn nach beag déanta ag Bord na Gaeilge UCD i mbaint amach na gcuspóirí seo. Tá Oifigeach Teanga lánaimseartha ceaptha ag UCD agus tá Bord Gaeilge trasdhámh bunaithe. Áirítear ar thionscadail an Bhoird cúrsaí teanga, scéim chónaithe na mac léinn le Gaeilge, éagsúlacht leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha do chainteoirí agus d'fhoghlaimoirí Gaeilge agus seirbhís aistriúcháin do gach scoil agus aonad Ollscoile, féach <http://www.ucd.ie/bnag/ga>.

#### **Scéim Chónaithe na Mac Léinn le Gaeilge**

Bunaíodh an scéim seo i 2000 leis an gcuspóir pobal na Gaeilge ar an gcampas a chur chun cinn. Bhí 4 mhac léinn páirteach sa chéad scéim phiólótach a bunaíodh i 2000, cainteoirí líofa Gaeilge iad uile a bhí ina gcónaí lena chéile agus a spreag úsáid na teanga i measc a gcomh-mhac léinn. I 2001 méadaíodh líon na n-áiteanna ar an scéim seo go dtí 16 agus go dtí 24 i 2009. Chinntigh soláthar 24 háit go raibh teach amháin, *Teach na Gaeilge*, go hiomlán tugtha don Ghaeilge. Ó 2009 roghnaíodh 24 mac léinn in iomlán go bliantúil ar bhonn agallaimh. Tagann na hiarratasóirí ar éirigh leo ó laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, ón oideachas trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge araon, agus bronntar páirtscoláireacht orthu le cuidiú le costais chóiríochta. Tá clár oiliúna agus ionductaithe ar leith forbartha ag Bord na Gaeilge do mhic léinn *Theach na Gaeilge* rud a chinntíonn go bhfuil an scéim éifeachtach ó thaobh cothabháil teanga agus cur chun cinn teanga araon. Aithníonn an Ollscoil na mic léinn atá rannpháirteach mar 'Scoláirí UCD'. I 2015

bunaíodh *Líonra Alumnaí Theach na Gaeilge* chun tacú le cothabháil pobal láidir teanga i measc iarscoláirí. Cothaítear cumarsáid trí fhoilseacháin leictreonacha ar leith dírithe ar an alumnaí a labhraíonn Gaeilge agus tugtar tacaíocht d'imeachtaí ar an gcampas agus lasmuigh de.

### **Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn agus do Bhaill Foirne**

Forálann cúrsaí an Bhoird sa Ghaeilge labhartha do mhic léinn agus d'fhoireann na hOllscoile. Tá ranganna á dtairiscint ag 5 leibhéal: leibhéal A1, A2, B1 agus B2 mar aon le cúrsa i 'gCruinneas sa Ghaeilge', ach éileamh a bheith ann. Cuireann an Bord cúrsa ar leith ar fáil freisin do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí (mic léinn agus foireann) pháistí atá in aois scoile. Forbraíodh ábhair teagasc go speisialta chun freastal ar riachtanais phobal na hOllscoile agus tá na leibhéil a thairgtear ag teacht leis an *Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le hAghaidh Teangacha*. Cuireann Bord na Gaeilge cúrsaí ar líne ar fáil freisin ag an meán leibhéal do mhic léinn agus don fhoireann. Déanann sé athbhreithniú leanúnach ar shástacht foghlaimora maidir lena chúrsaí go léir agus tugann a ábhair foghlama cothrom le dáta ar bhonn rialta.

Anuas ar theagasc teanga glacann foghlaimoírí páirt i gcúrsaí Gaeltachta agus/nó cultúrtha deireadh seachtaine agus in imeachtaí sóisialta, spóirt agus ceoil éagsúla eile. Scaiptear mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí Gaeilge eile ar an gcampas agus lasmuigh de ar phobal na hOllscoile tríd an inlíon, trí nuachtlitreacha leictreonacha Bhord na Gaeilge mar aon le láithreán gréasáin an Bhoird agus ar na meáin shóisialta. Déanann sé fógraíocht freisin faoina thionscadail i meáin na mac léinn agus i roinnt foilseachán Gaeilge ar líne.

### **Sainchúrsaí Oiliúna**

Le roinnt blianta anuas d'eagraigh Bord na Gaeilge roinnt sainchúrsaí oiliúna don fhoireann inmheánach agus/nó dóibh siúd le riachtanais teanga ar leith lasmuigh den Ollscoil. Leanann Bord na Gaeilge air ag soláthar na seirbhíse seo ag brath ar éileamh.

### **Cúrsaí Gaeltachta**

D'eagraigh Bord na Gaeilge cúrsaí Gaeltachta don fhoireann ar bhonn bliantúil ó 2000. Reáchtáladh iad seo i Ráth Chairn, Co na Mí, i nDún Chaoin, Co Chiarraí agus i nGleann Cholm Chille, Co Dhún na nGall. Áirítear sa chúrsa teagasc teanga mar aon le léachtaí ar stair áitiúil, ar shocheolaíocht agus ar chultúr trí mheán na Gaeilge.

### **Gradaim Bhord na Gaeilge**

Agus iarracht á dhéanamh aitheantas a thabhairt don rannchuidiú mór a thugann cuid mhór mac léinn, foirne agus alumnaí do phobal Gaeilge na hOllscoile, chuir Bord na Gaeilge tús le tionscadal 'Gradaim Bhord na Gaeilge' i 2009. Fógraítear an comórtas seo ar mheáin na mac léinn agus ar líne agus reáchtáiltear searmanas gach bliain.

### **Seirbhís Aistriúcháin**

Tá an Bord tar éis seirbhís aistriúcháin a sholáthar do scoileanna agus aonaid uile UCD ar bhonn laethúil ó 1998. Áirítear anseo aistriúchán ar chomharthaíocht,

stáiseanóireacht, foirmeacha agus fógraí réamhthairfeadta, de réir éilimh.

### **Foilseacháin**

Déanann Bord na Gaeilge fógraíocht fhorleathan ar líne faoina ghníomhaíochtaí, agus trí scaipeadh bróisiúr agus póstaer agus trína nuachtlitir leictreonach. Chomh maith leis seo cuireann sé Dialann Phóca Ghaeilge ar fáil ag tabhairt mionsonraí faoi dhátaí agus cruinnithe na hOllscoile agus Féilire Balla Acadúil Gaeilge. Tá eolaire eagraíochtaí Gaeilge go náisiúnta ar fáil ar a láithreán gréasáin. Is féidir tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí an Bhoird a fháil ar [www.ucd.ie/bnag/ga](http://www.ucd.ie/bnag/ga).

### **Láithreán Gréasáin: [www.ucd.ie/bnag/ga](http://www.ucd.ie/bnag/ga)**

Déantar nuashonrú ar bhonn leanúnach ar láithreán gréasáin dhátheangach Bhord na Gaeilge. Cuireann sé é seo a leanas ar fáil:

- Aistriúcháin Ghaeilge do scoileanna/coláistí agus aonaid UCD;
- Acmhainní Gaeilge;
- Doiciméid ollscoile i nGaeilge lena n-áirítear leagan Gaeilge de Thuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin agus Plean Straitéiseach na Ollscoile;
- Mionsonraí faoi chúrsaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge;
- Aonad samplach do chúrsa teanga ar líne;
- Tástáil socrúcháin ar líne d'fhoghlaimoirí teanga;
- Foirm iarratais ar líne do chúrsaí teanga;
- Foirmeacha ar líne do *Theach na Gaeilge* (Scéim Scoláireachta Chónaithe);
- Podchraoltaí agus físeanna bainteach lena thionscadail;
- Féilire imeachtaí;
- Nuachtlitreacha Leictreonacha

### **Modúl**

I 2007, d'fhorbair Bord na Gaeilge modúl ar leith i gcomhar le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, an Bhéaloidis agus Teangeolaíochta agus Gaelchultúr Teo, do na mic léinn den scéim chónaithe Ghaeilge chun cuidiú leo i gcur chun cinn na teanga. Cuimsíonn an modúl seo, 'Scileanna Cumarsáide' ceachtanna sa chumarsáid agus in eagraíocht mar aon le cruinneas sa Ghaeilge agus faigheann mic léinn a chríochnaíonn an cúrsa go rathúil creidiúintí Ollscoile. Tá an t-ochtú bliain den chúrsa tugtha chun críche anois. Tá mic léinn a bhfuil an cúrsa tugtha chun críche acu tar éis dul ar aghaidh le cur chun cinn na teanga mar reachtairí ar chumainn mac léinn, ar oifigigh Ghaeilge in Aontas na Mac Léinn UCD agus ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

### **Na Meáin Shóisialta**

Tá láithreacht láidir dhátheangach ag Bord na Gaeilge ar na meáin shóisialta; Facebook, Twitter agus Instagram.

## **3.2 Oifigeach Gaeilge**

Chuir Bord na Gaeilge UCD post páirtaimseartha d'Oifigeach Gaeilge ar fáil den chéad uair i 1997. I Samhain 2004, rinneadh post buan lánaimseartha de. Tá an tOifigeach ina bhall de Bhord na Gaeilge agus feidhmíonn mar rúnaí an Bhoird. Éascaíonn sí caidreamh seachtrach le heagraíochtaí cultúrtha ábhartha agus foinsí

maoinithe. Déanann an tOifigeach comhordú ar thionscadail Ghaeilge an Bhoird agus cuireann tionscadail nua ar bun a chuireann úsáid na teanga ar fud na hOllscoile chun cinn. Áirítear ar na tionscadail seo cúrsaí oiliúna speisialaithe don fhoireann, cúrsaí i gcomhrá na Gaeilge, cúrsaí Gaeltachta agus/nó cultúrtha, scéim chónaithe na mac léinn le Gaeilge agus seirbhís aistriúcháin agus téarmaíochta na hOllscoile. Tá an t-oifigeach lonnaithe in oifig Bhord na Gaeilge atá suite i bhFoirgneamh na Leabharlainne agus faigheann líon mór ceisteanna ó mhic léinn as Éirinn agus ó mhic léinn idirnáisiúnta agus ó bhaill foirne mar aon le daoine den phobal. Tháinig méadú ar an éileamh ar sheirbhísí an Bhoird ó bhliain go bliain agus chruthaigh an ollscoil post breise d'Oifigeach Gaeilge cúnta (post sealadach) i 2010 chun freastal ar an éileamh sin.

### **3.3 Córas Staidéar Modúlach (UCD Horizons) agus Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis**

I 2006 thug an Ollscoil córas modúlach de mheasúnacht chreidiúint-bhunaithe agus scrúduithe isteach ar bhonn seimeastair. Ceadaíonn an córas seo do mhic léinn i ngach disciplín modúil nach modúil croílár iad a roghnú anuas ar na croímodúil atá riachtanach dá gcáilíocht roghnaithe. Ar an mbealach seo féadfaidh mic léinn disciplíní mar Leigheas, Innealtóireacht, Eolaíocht, Bainistíocht Spóirt agus Tréidliacht modúil Ghaeilge a roghnú ar bhonn roghnach. Ar an mbealach seo féadfaidh mic léinn ar suim leo an Ghaeilge leanúint lena staidéar uirthi i gcomhar leis an raon leathan disciplíní acadúla atá ar fáil. Bhí an-tóir ar mhodúil Ghaeilge i measc mac léinn cuid mhór cáilíochtaí agus ábhair eile. Cuireadh an córas seo i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus tá sé ar fáil anois do gach fo-chéimí (thart ar 15,000). Meastar go dtiocfaidh fás agus forbairt ar infhaighteacht mhodúl na Gaeilge agus go mbeidh suim go háirithe ag mic léinn ón nGaeltacht agus ó Ghaelscoileanna agus áiteanna eile ar mian leo leanúint lena staidéar ar an nGaeilge ag an leibhéal Ollscoile ann.

Is féidir anois dul ar aghaidh ó thosaitheoir iomlán sa Ghaeilge, gan aon eolas roimhe sin ar an teanga, chun dochtúireacht a bhaint amach inti. Tá comhtháthú déanta ag Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, agus an Bhéaloidis ar na cúrsaí a chuireann sí ar fáil, sa chaoi gur féidir dul ar aghaidh ón gcúrsa do thosaitheoirí *Ab initio* nó ón Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach dhá bhliain páirtaimseartha sa tráthnóna ar feadh an bhealaigh go léir go dtí PhD. Is ionann an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach agus Gaeilge sa Chéad Bhliain, agus ceadaíonn do mhic léinn an riachtanas iontrála do na Coláistí Oideachais a chomhlíonadh. Tá modúl nua ann freisin do mhic léinn a rinne Gaeilge san Ardteist, ach a bhféadfadh go mbeadh deacracht acu na léachtaí Gaeilge sa Chéad Bhliain a leanúint: Tugtar Bunchloch na Gaeilge air sin agus thug 70 mac léinn faoi i 2008/9. Bhí an croímodúl teanga, Teanga na Gaeilge 1, á thairiscint sa dá sheimeastar i 2008/9 agus d'ardaigh líon na mac léinn a thug faoi go 275 (ardú ó 210 i 2007/8). Tugadh modúl nua eile Céad Bliana isteach i 2008, Forbairt na Gaeilge Acadúla, agus chruthaigh sé seo an-rathúil freisin, 110 mac léinn á mhealladh aige. Tógann cuid mhór mac léinn ó dhisciplíní neamh-Ealaíona mar Leigheas, Leigheas Tréidliachta agus Dlí na modúil teanga mar ábhar roghnach sa chlár Horizons: rinne 100 díobh seo Teanga na Gaeilge 1 i 2009/10. Tá sé i gceist aitheantas foirmiúil a thabhairt do shraith de cheithre mhodúl Gaeilge a dhéantar thar thrí bliana na bunchéime, iontráil ar chúrsaí

iarchéime á héascú. – féach [www.UCD.ie/sicsf](http://www.UCD.ie/sicsf).

I gcomhar le Scoil Dlí Sutherland cuirfear tús le céim nua Fochéime Dlí agus Gaeilge i Meán Fómhar 2017. Tá dhá mhodúl 5 creidiúint faofa do mic léinn Dlí do Mheán Fómhair 2016 a chruthaíonn struchtúr foirmiúil don soláthar tosaigh seo.

### **Cúrsa Iarchéime**

MA/Diplóma Iarchéime (2006): Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge. Éascaíonn sé seo cur chun cinn úsáid na Gaeilge in institiúidí náisiúnta agus Eorpacha. Is ceann de na cúrsaí aitheanta an cúrsa seo atá maoinithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta chun líon na gcéimithe Gaeilge le hArdscileanna Gaeilge a mhéadú chun freastal ar an éileamh ar aistritheoirí, Dlítheangeolaithe agus ateangairí in institiúidí Eorpacha. D'éascair an cumas breise seo de thoradh éilimh ar chéimithe le sárscileanna aistriúcháin agus teanga eile do chur chun feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla agus chun speisialtóirí a chur ar fáil d'úsáid na Gaeilge mar theanga oibre san Eoraip. Go dtí seo tá thart ar 200+ mac léinn a fuair céim ón gCúrsa Máistreacht seo, cuid mhór acu ag obair san Eoraip agus institiúidí agus eagraíochtaí Gaeilge faoi láthair a chinntíonn go bhfuil UCD tar éis ról gníomhach lárnach a ghlacadh i bhfeabhsú caighdeán Gaeilge agus feiceálacht na Gaeilge ar bhealach forásach, go háirithe ó 2006.

### **Lárionad de Bhaldraithe**

Is é Lárionad de Bhaldraithe an lárionad nua do scoláireacht na Gaeilge a cuireadh ar bun i 2008 laistigh de Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis a bhfuil fócas ar leith aige ar úsáid agus ar chruinneas teanga sa réimse poiblí, sa tsochaí Éireannach agus i measc pobail UCD agus níos faide ar shiúl. De thoradh caighdeán an aistriúcháin ar láithreán gréasáin UCD coimisiúnaíodh Lárionad de Bhaldraithe leis an aistriúchán náisiúnta a dhéanamh do Dheich mBliana na gCéad Bliain in Ard-Oifig an Phoist. Beidh sé seo ar fáil ag gach duine den phobal agus is rannchuidiú suntasach é de chuid UCD mar phársa aistriúcháin 80,000+ focal a bheidh ar taispeáint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. De thoradh na hoibre i Lárionad de Bhaldraithe agus imeachtaí soláthair cúrsaí agus comhoibriú le hinstitiúidí eile ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga oibre agus i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá monatóireacht agus feabhsú de shíor á dhéanamh ar úsáid agus ar infheictheacht na Gaeilge ní hamháin ag struchtúir UCD le Bord na Gaeilge ach i gcomhthéacs acadúil a théann thar teorainneacha an halla Léachtaí amach. Cuireadh leis seo tuilleadh trí léachtaí poiblí agus sraith nua ag díriú ar fhorbairt scríbhneoireachta agus ar chumarsáid na Gaeilge a chuireann fóram ar fáil do dhíospóireacht poiblí agus acadúil ar gach gné de scríbhneoireacht na Gaeilge sa réimse poiblí. Is tionscnamh eile de chuid Lárionad de Bhaldraithe an seimineár agus sraith leachtaí poiblí dar teideal 'Ó Thrácht go Twitter' mar lárionad sármhaitheasa sa Ghaeilge i gcomhthéacs scoláireacht na Gaeilge agus for-rochtana poiblí.

## **3.4 Saoráidí**

### **Ionad na Mac Léinn**

I 2012 cuireadh síneadh le hIonad na Mac Léinn UCD, arna mhaoiniú ag mic léinn

agus a osclaíodh go hoifigiúil i 2001, agus tá saoráidí den scoth ann anois a fhreastalaíonn ar ghrúpaí mac léinn na hOllscoile agus ar ghníomhaíochtaí tacaíochta mac léinn. Cuireann Lárionad na Mac Léinn UCD spásanna cruinnithe agus comhdhála ar fáil, pictiúrlann, seomra díospóireachta, dánlann bosca dhuibh, láthair caifé/bialanna, mar aon le Seirbhísí Comhairleoireachta agus Sláinte na Mac Léinn agus roinnt Comhairleoirí agus Séiplínigh Mac Léinn. Chuir an síneadh le deireanaí linn snámha Oilimpeach agus saoráidí gleacaíochta leis an raon gníomhaíochtaí a bhí á dtairiscint ar an gcampas. Tá gach treo-chomharthaíocht agus foirgneamh i Lárionad na Mac Léinn UCD dhátheangach.

- féach [www.UCD.ie/studentcentre/sportscentre](http://www.UCD.ie/studentcentre/sportscentre).

Tá clubanna spóirt na hOllscoile lonnaithe i Lárionad Spóirt UCD a chuireann saoráidí ar fáil freisin do dhaoine den phobal, lena n-áirítear trí halla mhóra ilchuspóireacha, cúirteanna scuaise, balla dreapadóireachta, spás cruinnithe agus saoráidí gleacadóireachta breise. Tá gach treo-chomharthaíocht agus foirgneamh i Lárionad Spóirt UCD dhátheangach.

- féach [www.UCD.ie/sport/](http://www.UCD.ie/sport/).

### **Saoráidí & Páirceanna Allamuigh**

Tá raon mór saoráidí spóirt allamuigh ag an Ollscoil, lena n-áirítear páirceanna imeartha féir agus sintéiseacha, cúirteanna leadóige, agus páirc haca uiscebhunaithe de chaighdeán idirnáisiúnta. Tá an chomharthaíocht ar fad bainteach le saoráidí spóirt allamuigh dhátheangach.

- see [www.UCD.ie/sport/](http://www.UCD.ie/sport/).

## **3.5 Cumainn Mac Léinn**

### **An Cumann Gaelach**

Tá An Cumann Gaelach UCD ar cheann de na grúpaí mac léinn is mó san Ollscoil, an Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge á gcur chun cinn ar fud an champais trí éagsúlacht ghníomhaíochtaí agus feachtais rialta, agus trí iarrachtaí i gcomhar le grúpaí Ollscoile eile, lena n-áirítear cumainn mac léinn eile, Bord na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn UCD, mar aon le grúpaí seachtracha éagsúla.

Feidhmíonn An Cumann Gaelach UCD mar ghrúpa sainleasa do mhic léinn cuid mhaith Scoileanna agus Coláistí, agus feidhmíonn mar an grúpa sainleasa acadúil do mhic léinn Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD. Ar na himeachtaí a reáchtálann An Cumann Gaelach UCD áirítear maidineacha caifé fáiltithe, díospóireachtaí, ócáidí tiomsaithe airgid, tráthanna na gceist, turais go dtí féiltí réigiúnacha agus náisiúnta, mar aon le comhóstáil imeachtaí mar *Seachtain na Gaeilge*, agus *Rás UCD*.

- féach [www.UCDsocieties.com](http://www.UCDsocieties.com).

### **Cumann Ceoil Thraidisiúnta**

Déanann Cumann Ceoil Thraidisiúnta na hOllscoile (UCD TradSoc) óstáil ar raon imeachtaí agus gníomhaíochtaí cheoil Ghaelaigh, lena n-áirítear seisiúin seachtainiúla agus turais chuig féiltí réigiúnacha. Déantar cuid mhór d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí TradSoc UCD a óstáil trí mheán na Gaeilge. Cuireann

TradSoc UCD ardán ar fáil freisin do bhaill ar ceoltóirí iad chun seinm ag imeachtaí Ollscoile éagsúla, lena n-áirítear tráthnónta oscailte agus fáiltithe.  
- féach [www.UCDsocieties.com](http://www.UCDsocieties.com).

### **An Cumann Drámaíochta**

Tá Cumann Drámaíochta UCD (UCD DramSoc) ar cheann de na grúpaí drámaíochta mac léinn is gníomhaí sa tír, 10 léiriú ar an meán á gcur ar fáil in aghaidh na seachtaine, lena n-áirítear seónna laethúla lár an lae agus tráthnóna.

Mar chuid dá shaothar léiríonn DramSoc UCD dráma do scoláirí ó shiollabas onórach na Gaeilge de chuid na Roinne Oideachais le haghaidh scrúdú na hArdteistiméireachta, mar *An Triail*; cuirtear dráma ar fáil i nGaeilge agus cuirtear chun cinn é i scoileanna áitiúla dara leibhéal. Spreagtar mic léinn atá ina mbaill de DramSoc UCD a ndrámaí stáitse féin a scríobh, agus déantar roinnt de na drámaí seo a scríobh agus a léiriú i nGaeilge gach bliain.

- féach [www.UCDsocieties.com](http://www.UCDsocieties.com).

### **Belfield FM**

Is é Belfield FM stáisiún raidió mhac léinn agus chumann craoltóireachta na hOllscoile. Craolann Belfield FM go laethúil i rith an téarma agus clúdaítear raon leathan ábhar sainspéise do mhic léinn, lena n-áirítear roinnt clár Gaeilge gach seachtain.

- féach [www.UCDsocieties.com](http://www.UCDsocieties.com).

### **Spórt & Clubanna Spóirt**

Éascaítear roinnt imeachtaí spóirt a chuireann an Ghaeilge chun cinn laistigh de Spórt UCD agus clubanna spóirt UCD, lena n-áirítear sacar eadarcholáisteach agus turnaimintí ilspóirt.

Sampla de ghníomhaíocht amháin dá leithéid is ea *Rás UCD*, spraoi-rith bliantúil amuigh faoin aer, á chomhóstáil ag roinnt grúpaí campais, lena n-áirítear Club Lúthchleasaíochta UCD, An Cumann Gaelach UCD, Saorálaithe UCD Thar Lear, agus Bord na Gaeilge UCD.

- féach [www.UCD.ie/rasUCD/](http://www.UCD.ie/rasUCD/)

### **3.6 Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn**

Is ionadaí mac léinn tofa agus bunaithe é Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn UCD, arbh é a ról an Ghaeilge a fhorbairt i measc baill Aontas na Mac Léinn UCD, agus ar fud na hOllscoile.

Oibríonn Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn UCD i gcomhar le roinnt grúpaí Ollscoile eile, lena n-áirítear An Cumann Gaelach UCD agus Bord na Gaeilge UCD, chun imeachtaí, gníomhaíochtaí agus feachtais éagsúla a sheachadadh.

- féach [www.UCDsu.ie](http://www.UCDsu.ie).

### **3.7 University Observer**

Is páipéar nuachta mac léinn mórbhileoige é an *University Observer* a scaiptear ar fud na hOllscoile gach trí sheachtain i rith an téarma. Bíonn leathanach as gach

eagrán clóite den *University Observer* tugtha d'ailt atá scríofa sa Ghaeilge agus ar spéis le lucht na Gaeilge iad. Tá rannóg Ghaeilge ag láithreán gréasáin an *University Observer* agus tá eagarthóir Gaeilge ag an bpáipéar.

- féach [www.universityobserver.ie](http://www.universityobserver.ie).

### **3.8 Séiplíneacht UCD**

Bíonn duine d'fhoireann Séiplíneachta UCD ar fáil do phobal na Gaeilge san Ollscoil, tacaíocht phearsanta á cur ar fáil agus roinnt seirbhísí reiligiúnacha trí mheán na Gaeilge.

- féach [www.UCD.ie/chaplaincy](http://www.UCD.ie/chaplaincy).

### **3.9 Seirbhísí Eastáit**

Cuireann Aonad na Seirbhísí Eastáit beartas comharthaíochta na hOllscoile i bhfeidhm, i gcomhlíonadh an Achta. Tá obair ar bun chun é a chur chun feidhme go hiomlán ar fud an champais. Chomh maith leis seo le blianta beaga anuas tá roinnt de na scoileanna/aonaid tar éis a gcomharthaíocht féin a chur suas.

### **3.10 Seirbhísí Cónaithe UCD**

Cuidíonn Seirbhísí Cónaithe UCD le riaradh Scéime Cónaithe Gaeilge na Mac Léinn.

### **3.11 Imeachtaí Spóirt agus Scéim Chónaithe na Mac Léinn le Gaeilge.**

Bíonn mic léinn ar Scéim Chónaithe na Mac Léinn le Gaeilge (Teach na Gaeilge) i dteagmháil le Seirbhísí Cónaithe UCD agus Spórt UCD chun gníomhaíochtaí agus imeachtaí a eagrú a chuireann an teanga chun cinn trí spórt.

### **3.12 Oifig Idirnáisiúnta**

Is comhalta boird ar Bhord na Gaeilge é ball d'fhoireann na hOifige Idirnáisiúnta. Cuireann an Oifig Idirnáisiúnta ranganna Gaeilge chun cinn go gníomhach i measc mac léinn malairte ar ionann iad agus an freastal ar fad beagnach ar na Ranganna ar Leibhéal Tosaitheora. Cuirtear imeachtaí eile maidir le teanga agus cultúr na Gaeilge chun cinn freisin i measc mac léinn idirnáisiúnta.

### **3.13 An Oifig Cumarsáide/Oifig an Uachtaráin**

Déanann an Oifig Cumarsáide bainistíocht ar shuíomh fógraíochta don Ollscoil agus cuireann comhairle faoi e.g. iarratas ar aighneachtaí ón bpobal maidir le Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Rinneadh fógraíocht dhátheangach ar thoghadh comhaltaí den Údarás Rialaithe ag céimithe den chéad uair bainteach leis an toghchán don cheathrú Údarás Rialaithe le téarma oifige ó 2009 go 2014. Chomh maith leis seo cuireadh na páipéir bhallóide uile, fíorú céannachta, etc. ar fáil go dhátheangach.

Reáchtáladh na trí thoghchán ag na trí thoghdas foirne don cheathrú Údarás Rialaithe freisin agus páipéir bhallóide agus doiciméadú eile dhátheangach in úsáid den chéad uair.

Ó 2005 go dtí seo, foilsíodh Tuarascáil an Uachtaráin go dhátheangach i (<http://www.UCD.ie/president/speechespublications/publications/presidentsreport/>).



Foilsítear Plean Straitéiseach na hOllscoile i nGaeilge agus i mBéarla freisin. (<http://www.UCD.ie/strategy2015-2020/download/index.html>)

## **UCD TODAY**

Is iris ollscoile é *UCD Today* (<http://www.UCD.ie/UCDtoday/>) a chlúdaíonn topaicí taighde ar ábhar sainspéise do phobal na hOllscoile iad mar aon le himeachtaí agus gníomhaíochtaí ar fud na scoileanna, na lárionad agus na n-aonad. Bíonn gné-agallaimh le hiriseoirí aitheanta Éireannacha san iris chomh maith a fhoilsítear cheithre huaire sa bhliain ag an Oifig Cumarsáide. Coinníonn an iris pobal na hOllscoile cothrom le dáta maidir le daoine, nuacht agus gníomhaíochtaí campais. Scaiptear ar an bhfoireann go léir é agus ar phobal seachtrach páirtithe leasmhara, comhpháirtithe agus na meáin. Tá sé d'aidhm ag gach eagrán alt amháin Gaeilge ar a laghad a bheith ann. <http://www.UCD.ie/UCDtoday/2009/04/APRIL/index.html>

Bíonn alt amháin Gaeilge ar a laghad i ngach eagrán d'Iris na Alumni, *UCD Connections*

### **3.14 Acmhainní Daonna**

Tá earcaíocht dhátheangach déanta ag Acmhainní Daonna ar roinnt post.

### **3.15 Copi-Print**

I 2005, tráth a raibh íomhá branda na hOllscoile á athrú, tapaíodh an deis forálacha Alt 9 den Acht a chur chun feidhme maidir le stáiseanóireacht. Ó shin, déantar cinn litreach, duillíní dea-mhéine agus clúdaigh litreach a chlóbhualadh go dhátheangach do 6 choláiste na hOllscoile, 37 scoil, 57 institiúid agus lárionad agus 76 aonad neamhacadúla. Cuirtear cártaí gnó dhátheangacha ar fáil arna n-iarraidh sin dóibh. Tugann Copi-Print comhairle do chliaint inmheánacha faoi riachtanais an Achta agus díritear iad i dtreo Oifigeach na Gaeilge le haghaidh cúnaimh, más gá.

### **3.16 Clárlann**

#### **Iarratais trí Ghaeilge ag Deasc na Mac Léinn.**

Tá an fhoireann ag Deasc na Mac Léinn UCD ar fáil chun iarratais agus ríomhphoist i nGaeilge a fhreagairt.

Glacann an fhoireann ón gClárlann páirt i gcúrsaí Gaeilge a chuireann Bord na Gaeilge ar fáil. Éascaíonn sé scaipeadh ábhair fógraíochta ó Bhord na Gaeilge UCD go dtí gach scoil dara leibhéal.

Cuireann Oifig Earcaíochta na Mac Léinn an Ghaeilge chun cinn go gníomhach do mhic léinn ionchasacha, lena n-áirítear an Scéim Chónaithe na Mac Léinn le Gaeilge UCD. Oibríonn an oifig i gcomhar freisin le Bord na Gaeilge chun turais dhátheangacha ar an gcampas agus cainteanna do mheánscoileanna a chur ar fáil.

Oibríonn oifig Earcaíochta na Mac Léinn i gcomhar leis an Oifigeach Gaeilge i gcur chun feidhme Beartas na hOllscoile maidir le brandáil dhátheangach lena n-áirítear comharthaíocht agus comhthaobhacht do thionscnaimh earcaíochta mac léinn.

### **3.17 Ceadúnais**

Cuireann oibritheoirí tráchtála roinnt seirbhísí, ar nós seirbhísí lónadóireachta, ar fáil ar an gcampas. Áirítear sna comhaontuithe ceadúnais a cuireadh i bhfeidhm ó 2008, foráil trína ghlacann na soláthraithe seirbhíse go bhfuil an Ollscoil faoi cheangal ag forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le soláthar comharthaíochta agus ábhar poiblíochta i nGaeilge agus i mBéarla araon. Aontaíonn na soláthraithe seirbhíse comharthaíocht agus ábhar poiblíochta a chur ar fáil sa dá theanga chomh fada agus is féidir. Agus iad ag teacht ar chomhaontú maidir le cur chun feidhm an cheangail, téann na soláthraithe seirbhíse i dteagmháil le Oifigeach Gaeilge na hOllscoile a chuireann comhairle, cúnamh agus seirbhísí aistriúcháin ar fáil. Go dtí seo tháinig thart ar 60 ceadúnas i bhfeidhm agus an fhoráil seo san áireamh iontu.

### **3.18 Na Scoileanna/Aonaid ar fad**

- Tugann na scoileanna agus na haonaid go léir freagra trí Ghaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.
- Cuireann na scoileanna agus na haonaid go léir beartas na hOllscoile maidir le stáiseanóireacht dhátheangach chun feidhme (féach *Copi-Print* 3.14)
- Cuireann na scoileanna agus na haonaid go léir beartas na hOllscoile maidir le comharthaíocht dhátheangach chun feidhme i gcomhlíonadh an Achta.

### **3.19 An Leabharlann**

Tá an phríomh-threocharthaíocht go léir i leabharlanna UCD dhátheangach. Tá fógraí dorais foirne dhátheangach freisin. Tá athbhreithniú agus athnuachan déanta ar chuid mhór de seo ó 2012.

Tá leaganacha dhátheangacha de phóstaeir eolais áirithe agus ábhair phoiblíochta curtha ar fáil, mar a dhéantar le preabmheirgí áirithe. Ar na samplaí is deireanaí tá an leabhrán ar Chartlann Léitheoireachta Filíochta na hÉireann, preabmheirg Mhol na Leabharlainne agus an bhileog ar Leabharlann UCD agus 1916 atá le foilsiú.

### **Fógraí Béil Réamhthairfeadta**

Bíonn fógraí béil réamhthairfeadta leabharlainne, a chraoltar laistigh den Leabharlann, dhátheangach.

### **Ríomhphoist, moltaí agus iarratais i bpearsa**

Má chuirtear ríomhphoist i nGaeilge, freagróidh an Leabharlann i nGaeilge. Má chuirtear barúlacha agus moltaí in iúl i nGaeilge, beidh feidhm leis an gcéanna. Déanfaidh an Leabharlann iarracht aghaidh a thabhairt ar iarratais i bpearsa i nGaeilge ag na deascanna trí Ghaeilge má labhraítear leo i nGaeilge cé go mbraitheann sé seo ar an bhfoireann atá ar fáil.

### **3.20 Seirbhísí IT**

Cuireann Pacáiste Comhéadan Gaeilge Microsoft Office (Éire) 2013 (*Microsoft Office Language Pack 2013*) – raon clár ar fáil don úsáideoir i nGaeilge agus tá sé curtha ar fáil ar na ríomhairí a bhfuil fáil ag mic léinn orthu ar an gcampas. Cuirtear gach ball foirne ar an eolas faoin inrochtaineacht agus treoracha íoslódála trí Ríomhíris na

Foirne ag tús na bliana acadúla atá le teacht.

### **3.21 Seirbhísí Teileafóin**

Ó 2014, cuireadh córais chun feidhme chun cuidiú le daoine den phobal nascleanúint a dhéanamh trí ghlór-roghchláir agus na teachtaireachtaí a sheachadadh as Gaeilge. Tá eolaire aitheanta cainte san áireamh sna córais seo freisin.

### **3.22 Lárionad Forbartha Gairmeacha**

Tacaíonn an Lárionad Forbartha Gairmeacha le deiseanna gairme sa Ghaeilge agus cuireann chun cinn iad. Déanann an Lárionad an foilseachán ar líne *GradIreland* "Do Ghairm le Gaeilge" a phoibliú agus a chur chun cinn, ar príomhacmhainn eolais é do mhic léinn a bhfuil gairm ina n-úsáidtear an Ghaeilge á lorg acu. Oibríonn an Lárionad go dlúth gach bliain le hOifig an Taoisigh agus píblíne céimí á forbairt chuig gairmeacha céimí sa Choimisiún agus in Institiúidí Eorpacha. Áirítear orthu seo cur chun cinn folúntais d'Aistritheoirí isteach sa Ghaeilge de réir mar a thagann siad chun cinn.

### **3.23 Saoráil Faisnéise**

Tá an Fhoirm Iarratas ar Shaoráil Faisnéise ar fáil go dhátheangach ó Iúil 2009, idir chóip chrua agus le híoslódail ó [www.UCD.ie/foi](http://www.UCD.ie/foi).

## **Caibidil 4 Feabhsú Seirbhísí atá le soláthar go dhátheangach**

### **4.1 Cúrsaí Gaeilge Bhord na Gaeilge do Mhic Léinn agus don Fhoireann**

Tá UCD tiomanta d'fhorbairt agus do chothú úsáid na Gaeilge ar fud gach réimse den ollscoil. Chun é seo a bhaint amach leanfaidh Bord na Gaeilge UCD air ag cur cúrsaí saincheaptha speisialaithe ar fáil chun freastal ar riachtanais ar leith Coláistí/Scoileanna/Aonaid leasmhara. Leanfaidh UCD air ag soláthar tástáil teanga ar líne do dhaoine den fhoireann ar suim leo a n-inniúlacht ar an nGaeilge a fheabhsú.

Leanfaidh Bord na Gaeilge ag tairiscint cúrsaí teanga do gach mac léinn agus ball foirne UCD ó leibhéal tosaitheora go dtí ardleibhéal;  
<http://www.ucd.ie/bnag/ga/seirbhisi/cursaidophobalucd/> Leanfaidh sé air freisin ag cur córas iarratais leictreonach ar fáil agus tástáil socrúcháin,  
<http://www.ranganna.com/tastail.aspx?id=2&lang=ga>

### **4.2 Cúrsa Teanga Ar Líne**

Agus iarracht á dhéanamh an raon mac léinn agus foirne is leithne agus is féidir a éascú, d'fhorbair Bord na Gaeilge cúrsa Gaeilge ar líne. Léiríonn bunachar sonraí an Bhoird an t-éileamh is mó ó fhoghlaimoirí ar chúrsaí ag an meánleibhéal, agus dá réir sin an cinneadh leibhéal B1 a thairiscint (den Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha). Beidh an cúrsa ar líne seo ar fáil i gcónaí trí láithreán gréasáin Bhord na Gaeilge,  
<http://www.ucd.ie/bnag/ga/seirbhisi/cursaidophobalucd/>

Anuas ar a chúrsaí teanga eagraíonn an Bord iliomad gníomhaíochtaí/imeachtaí a thugann deis do mhic léinn agus don fhoireann an teanga a úsáid i suíomh neamhfhoirmiúil. Ar na gníomhaíochtaí reatha áirítear éascú Club Leabhar Gaeilge, Cúrsa íoga i nGaeilge agus roinnt tráthnónta cultúrtha d'fhoghlaimeoirí na teanga ar an gcampas agus lasmuigh de. Leanfaidh an Bord ag cur imeachtaí ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann agus déanfar liosta díobh a thabhairt cothrom le dáta go rialta ar a fhéilire imeachtaí; <http://www.ucd.ie/bnag/ga/fuinn/imeachtaileteacht/>

#### **4.3 Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge do Mhic Léinn le Gaeilge**

Aithnítear gur éirigh go han-mhaith le Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge do Mhic Léinn le Gaeilge (Teach na Gaeilge UCD), i ngníomhaíocht Ghaeilge mac léinn ar an gcampas a spreagadh; bronnadh *Lipéad Teanga Eorpach* ar an scéim seo i Meitheamh 2016. Leanfaidh Bord na Gaeilge ag cur scoláireachtaí ar fáil do 24 Mac léinn chun a bheith rannpháirteach sa scéim seo; <http://www.ucd.ie/bnag/ga/teachnagaeilge/>

#### **4.4 Foilseacháin**

Tá Bord na Gaeilge tar éis nuachtlitir leictreonach a fhorbairt ag tabhairt mionsonraí seirbhísí, gníomhaíochtaí agus imeachtaí atá ag teacht aníos agus tá sé seo scaipthe ar chainteoirí agus ar fhoghlaimeoirí na teanga ar an gcampas. Is féidir leis an bpobal níos leithne rochtain a fháil air seo trí láithreán gréasáin an Bhoird; <http://www.ucd.ie/bnag/ga/teagmhail/nuachtlitreacha/>

Leanfaidh an Bord air ag cur an nuachtlitir seo ar fáil ar bhonn leathbhliantúil.

In Eanáir 2016, d'fhorbair Bord na Gaeilge a chéad nuachtlitir leictreonach a ceapadh go speisialta dá alumni. Leanfaidh an Bord de chur ar fáil na nuachtlitreach alumni seo (Scéalta Alumni) ar bhonn bliantúil; <http://www.ucd.ie/bnag/ga/teachnagaeilge/alumnitheachnagaeilgeucd/>

#### **4.5 Eolaire Nua & Seirbhís Aistriúcháin**

Is féidir rochtain a fháil faoi láthair ar aistriúcháin Ghaeilge scoileanna, coláistí, institiúidí, lárionaid agus aonaid UCD ar

<http://www.ucd.ie/bnag/ga/seirbhisi/tacaiochtaibhordnagaeilgeucd/>

Coinneofar an bunachar sonraí seo cothrom le dáta agus leanfar de sholáthar na seirbhíse aistriúcháin rialta via ríomhphost. Tá eolaire leictreonach nua á forbairt faoi láthair ag an mBord a chuirfidh leagan Gaeilge na dteideal acadúla go léir, teidil na scoileanna agus coláistí mar aon le liostáil daoine den fhoireann i ngach scoil acadúil atá inniúil sa Ghaeilge, ar fáil. Dáilfear é seo ar scoileanna agus ar choláistí agus beidh rochtain air freisin trí láithreán gréasáin Bhord na Gaeilge. Leanfar d'uaslódáil ar roinnt doiciméadaí Ollscoile breise atá ar fáil i nGaeilge ar láithreán gréasáin Bhord na Gaeilge:

<http://www.ucd.ie/bnag/ga/capéisiocht>

#### **4.6 Scoil na Gaeilge, An Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD**

Tá cúrsa nua á fhorbairt faoi láthair ag Scoil na Gaeilge UCD i gcomhar le Scoil Dlí UCD a thabharfaidh cead do mhic léinn an rogha a bheith acu staidéar a dhéanamh ar an Dlí le Gaeilge ó Mheán Fómhair 2017.

Tá nuashonrú á dhéanamh ag Scoil na Gaeilge faoi láthair ar a bróisiúr scoile dhátheangach agus tá athdhearadh á dhéanamh aici freisin ar a láithreán gréasáin chun ardán freagrúil agus móibíleach báúil a chur ar fáil chun aird a tharraingt ar na roghanna foghlama éagsúla atá ar fáil do mhic léinn agus iad a chur chun cinn.

Chun aghaidh a thabhairt ar líon na mac léinn idirnáisiúnta, líon atá ag dul i méid, ar mian leo tuiscint a fháil ar an nGaeilge agus ar an gcultúr, tá leathnú á dhéanamh ag Scoil na Gaeilge ar a soláthar Ab initio do ranganna tosaítheoirí. Tá siad ag obair i gcomhar freisin le Scoil an Bhéarla ar thionscadal filíochta dhá theanga.

Agus iarracht á dhéanamh chun feacht a chruthú ar an líon méadaitheach gairmeacha aistriúcháin laistigh de Choimisiún an AE, atá ar fáil do mhic léinn Gaeilge, déanfaidh Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis mar aon le hionadaithe ó Aonad Aistriúcháin Stiúrthóireachta Ginearálta an Choimisiúin Eorpaigh um Aistriúcháin, ceardlann lae a óstáil áit a gcuirfidh siad oiliúint agus comhairle ar fáil do mhic léinn ar an bpróiseas iarratais.

Is ionad buail isteach laistigh den ollscoil a athchóiríodh as an nua é an Seomra Caidrimh, a fháiltíonn roimh chách, beag beann ar chumas, ar mian leo deis chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh in atmaisféar cairdiúil gan strus.

Tá an Scoil tar éis próiseas lipéadaithe nua a thabhairt chun críche ar fud na Scoile agus leanann an obair ar aghaidh ar ábhar a dhigitiú sa teaglann ilmheáin.

I Meán Fómhair na bliana seo cheap UCD a chéad teicneolaí oideachasúil Gaeilge. D'fhág an ceapachán seo cheana féin méadú nach beag ar ábhar agus ar infheictheacht na Gaeilge ar láithreán gréasáin na Scoile, agus forbairtí toidhcháí á mbeartú lena n-áirítear léacht dhátheangach Facebook ar stair na Gaeilge a bheidh dírithe go háirithe ar mhic léinn idirnáisiúnta atá i mbun staidéir faoi láthair ar na Modúil sa Léann Éireannach - *Ireland Uncovered* agus *Exploring Ireland*.

#### **4.7 Lárionad Forbartha Gairmeacha**

Is ball den Chomhlachas Seirbhísí Gairmeacha Ardoideachais é Lárionad Forbartha Gairmeacha UCD agus oibríonn sé go dlúth le comhpháirtí tráchtála an Chomhlachais, *Gradireland*. Leanann an Lárionad air ag cur ábhair agus táirgí chun cinn a tháirgeann *Gradireland*, lena n-áirítear:

- Eolaire ón earnáil leictreonach ar Theangacha agus ar Chultúr a n-áirítear ann cuid ar ghairmeacha a úsáideann an Ghaeilge.

- Eolaire gairmeacha ar féidir a íoslódáil - *Do Ghairm le Gaeilge*.
- Cur chun cinn folúntais post do Ghaeilgeoirí de réir mar a fhógraítear iad.

Tá roinnt ball foirne i Lárionad Forbartha UCD ag baint tairbhe as cúrsaí Gaeilge a tháirgeann Bord na Gaeilge ar an gcampas.

#### **4.8 Comharthaíocht ar an gCampas**

Tá na céadta comhartha dhátheangacha ag UCD faoi láthair ar fud an champais agus tá sé i gceist comharthaíocht chomhlíontach a chur ar fáil de réir mar a eascraíonn tionscadail. Ar na samplaí díobh seo áirítear Cóiríocht Mac Léinn Ashfield atá tugtha chun críche le deireanaí, mar aon le tionscadail a dtabharfar fúthu sa todhchaí, mar an Scéim Chónaithe do Mhic Léinn, Lárionad Confucius, Ceantar Newman Joyce, an Tionscadal Foghlama don Todhchaí agus Tionscadal Ulysses. Comhlíonfaidh tionscadail champais ar leith bainteach le treo-chomharthaíocht agus le heolas an tAcht. Tá an chomharthaíocht bainteach le páirceáil ar an gcampas á nuashonrú faoi láthair chun eolas dhátheangach a chur ar fáil.

#### **4.9 Seirbhísí IT**

Leanann Seirbhísí IT orthu, ag obair i gcomhar le Bord na Gaeilge, ag seachadadh roinnt tuarascálacha le haistriúcháin Ghaeilge d'fhoirgnimh, scoileanna, aonaid, institiúidí agus coláistí UCD. Tá an teolas seo ar fáil ag an bpobal ar shuíomh Bhord na Gaeilge.

Tá UCD tiomanta méid an ábhair Ghaeilge atá ar an láithreán gréasáin a mhéadú agus chun roinnt córas IT dírithe ar an bpobal a bheith acu atá lánábaltá ábhar Gaeilge a láimhseáil.

Féadfaidh Córais idirghníomhacha agus Ríomhaireachta UCD déileáil go sásúil leis an nGaeilge mar a dhéanfaidh aon Chóras Ríomhaireachta sa todhchaí a bheidh in úsáid ag an ollscoil.

#### **4.10 Eolaire Ar Líne agus córais Riaracháin**

Tá sé beartaithe leagan Gaeilge den Eolaire Foirne a sheachadadh mar chuid d'athfhorbairt atá beartaithe ar an tseirbhís seo.

Tá córas ar líne ag UCD a thacaíonn le raon scéimeanna scoláireachta, ach braitheann Scéim Scoláireachta Chónaithe na Mac Léinn le Gaeilge ar fhoirmeacha ar pháipéar i gcónaí d'Ioncaim, Párolla agus don Oifig Airgeadais Thaighde. Tá Seirbhísí IT ag obair i gcomhar le Bord na Gaeilge chun tionscadal a chur ar bun a sheachadfaidh leagan Gaeilge den réiteach ar líne chun tacú leis an scéim scoláireachta Ghaeilge seo.

#### **4.11 Córas Bainistithe Ábhair agus Ábhar Dhátheangach UCD**

Tá úsáid Chóras Bainistithe Ábhair (CMS) nua UCD, Bainisteoir Láithreáin Terminalfour, ar siúl ó Lúnasa 2008. Táirgeann Site Manager lántacaíocht ilteanga. Cuirfidh an CMS an teicneolaíocht ar fáil chun foilsíú agus bainistiú a éascú ar láithreáin ghréasáin atá ar fáil i bhformáid ilteangach. Cé go dtacaíonn

an CMS le láithreáin ghréasáin il/dhátheangacha, is gá na riachtanais dearaidh do gach tionscadal láithreáin ghréasáin a ionchorprú.

Réitíonn Site Manager fadhbanna a gcastar de ghnáth ar oibritheoirí láithreán dhátheangacha:

- Féadtar codanna de láithreán gréasán a roghnú le foilsiú i bhformáid dhátheangach, ní gá go mbeadh an láithreán iomlán san áireamh.
- Déanann córas rialaithe leagan Site Manager monatóireacht/aimsiú ar athruithe i dteanga amháin nach léirítear sa teanga malartach.
- Féadtar ábhar a scaoileadh isteach i sreabhadh oibre teanga malartaí, i gcomhthéacs, b'fhéidir, an t-ábhar a sheoladh chuig gníomhaireacht aistriúcháin le haghaidh aistrithe cruinn.

Tá píolótú ar bun ag Seirbhísí IT UCD faoi láthair ar an bhfeidhmiúlacht dhátheangach seo le Bord na Gaeilge UCD, d'fhonn rolladh amach iomlán faoi dheireadh thiar.

#### **4.12 Earcaíocht Mac Léinn**

Cuairteanna ó Scoláirí Gaelscoileanna: Leanfaidh an t-aonad Earcaíochta Mac Léinn de bheith ar fáil chun freagairt d'iarraitais ar thurais ar champas na hOllscoile a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.

#### **4.13 An Leabharlann**

Tá an Chartlann léitheoireachta Filíochta Éireannaí tiomanta d'uilechumsitheacht filí Gaeilge, agus tá líon méadaitheach taifead ar fáil via Leabharlann Dhigiteach UCD.

Ta leabhráin dhátheangacha á gcur ar fáil ag Leabharlann UCD do ghníomhaíochtaí éagsúla Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Tá saibhreas ábhair Ghaeilge i Leabharlann Dhigiteach UCD. Ceadáíonn an fheidhm chuardaigh laistigh den Leabharlann Dhigiteach torthaí cuardaigh a scagadh de réir teanga; agus éiríonn leis an gcuardach seo a leanas na hacmhainní go léir sa Leabharlann Dhigiteach atá clibeáilte le téacs Gaeilge iontu a aisghabháil: [http://digital.ucd.ie/?q=&fq\[\]=language\\_facet:Irish](http://digital.ucd.ie/?q=&fq[]=language_facet:Irish).

Cuireann an Cnuasach Béaloidis Náisiúnta tvúiteanna ar fáil go rialta, agus tá sé d'aidhm acu úsáid na Gaeilge a mhéadú ina gcuntais twitter bainteach leis na bailiúcháin oidhreachta náisiúnta atá faoi scáth na Leabharlainne go ginearálta.

Beidh fócas ar leabhair Ghaeilge ar siúl arís ag an Leabharlann dá *Collections Spotlight*.

#### **4.14 Saoráidí Mac Léinn**

Leanfaidh Lárionad Mac Léinn UCD agus coimpléasc Lárionad Spóirt UCD den chomharthaíocht go léir a chur ar fáil go dhátheangach, agus cuimseoidh sé

forbairtí beartaithe todhchaí agus leathnú saoráidí mac léinn sa réimse seo.

#### **4.15 Gníomhaíochtaí Mac Léinn**

Tá an Ollscoil mórtasach as eagraíochtaí na mac léinn a fheidhmíonn ar a campas, agus as leithead agus éagsúlacht sainspéiseanna agus gníomhaíochtaí mac léinn ar fud na hOllscoile.

Leanfar de bheith ag tabhairt tacaíochta d'eagraíochtaí mac léinn a bhfuil spéis agus cuspóirí acu bainteach le cur chun cinn na Gaeilge agus gnéithe de chultúr na Gaeilge, in eagrú agus seachadadh na ngníomhaíochtaí agus na n-imeachtaí sin.

- féach [www.ucdsocieties.com](http://www.ucdsocieties.com)
- féach [www.ucd.ie/sport](http://www.ucd.ie/sport)
- féach [www.ucdsu.ie](http://www.ucdsu.ie)

#### **4.16 Cumarsáid**

Áirítear alt Gaeilge amháin ar a laghad ina n-eagráin faoi seach ag iris *Alumni UCD* agus *UCD Today* araon. Tá sé i gceist sa todhchaí go mbeidh níos nó na alt amháin i nGaeilge i *UCD Today*. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin go dhátheangach i gcónaí. Leanann na Scoileanna agus na hIonaid uile an beartas freagra a thabhairt i nGaeilge ar aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.

Chomh maith les seo, tugtar freagra i nGaeilge ar gach comhfhreagras a fhaigheann UCD i nGaeilge.

Cuirfidh UCD urlabhraí Gaeilge ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge. Chomh maith leis seo, leanfaidh UCD de phainéal cainteoirí Gaeilge a chur ar fáil ó gach Scoil ar féidir leo agallamh a dhéanamh ar shaintopaicí i nGaeilge.

Do bhaill foirne ar mian leo glórphost dhátheangach a bheith acu, cinnteoidh UCD go mbeidh an beannú i nGaeilge ar dtús agus an leagan Béarla ina dhiaidh. Leanfaidh UCD de chinntiú go mbeidh an teachtaireacht réamhthairfeadta a fháiltíonn glaoiteoirí chuig an ollscoil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Cé nach n-eisíonn UCD preasráitis níos mó, tá Cumarsáid UCD ag druidim i dtreo méid an ábhair Ghaeilge ar a n-ardán cumarsáide ar líne a mhéadú.

Chun tiomantas UCD don Ghaeilge a léiriú, shuiteáil Cumarsáid UCD le deireanaí 14 meirg dhátheangacha feadh príomhbhealaí ar an gcampas chun aird a tharraingt ar rathúlacht UCD i Rangú QS. Shuiteáil siad freisin bratacha dhátheangacha Rangú QS ag an mbealach isteach go dtí Halla Uí Raghallaigh (Príomh-Halla an Champais).



#### **4.17 Bronnadh na gCéimeanna**

Leanann an tAonad Bronnta Céimeanna air go dtí seo agus Gaeilge á hionchorprú ina gCláir do shearmanais bhronnta agus do shearmanais Scoláireachtaí Iontrála agus Dámhachtainí. Faoi láthair bíonn an réamhchaint agus an t-aitheasc clabhsúir ag searmanas Bronnta Céimeanna UCD dhátheangach agus tá pleananna ann méid an ábhair Ghaeilge ag an imeacht seo a mhéadú. Tá sé beartaithe sa todhchaí painéal cainteoirí Gaeilge a bheith ar fáil do shearmanais bronnta céimeanna.

#### **4.18 Acmhainní Daonna (HR)**

Leanann Acmhainní Daonna UCD lena thiomantas don Ghaeilge agus, i gcomhairle le cliant inmheánacha, leanfaidh sé leis an earcaíocht do roinnt post a réachtáil go dhátheangach. Déanfaidh HR UCD athbhreithniú ar roinnt Foirmeacha HR d'fhonn iad a chur ar fáil as Gaeilge, mar aon leis an gcumas an Ghaeilge a labhairt a bheith san áireamh mar chritéir inmhianta do phoist a dhéileálann go díreach leis an bpobal agus le pobail mac léinn araon.

Tá thart ar 27 ról sonracha ag UCD faoi láthair áit ar phríomhriachtanas í an Ghaeilge. Áirítear na ról seo a leanas orthu sin:

- Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann
- Riarthóir Cúnta Gaeilge, Bord na Gaeilge
- Léachtaí/Ollamh Cúnta i mBéaloideas Éireann
- Léachtaí/Ollamh Cúnta sa Nua-Ghaeilge
- Riarthóir Scoile (Cúntóir Feidhmeach), Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus Bhéaloidis UCD
- Ánra Teagaisc sa Nua-Ghaeilge

Tuigeann UCD an tábhacht a bhaineann leis na poist a bhfuil riachtanas Gaeilge acu agus coinníonn sé na poist seo faoi athbhreithniú.

#### **4.19 Idirnáisiúnta**

Agus iarracht á dhéanamh cuidiú le cur chun cinn na Gaeilge, leanann an Oifig idirnáisiúnta ag soláthar liosta ar líne de Mhodúil Mholta do mhic léinn idirnáisiúnta, a n-áirítear ann modúl cúig chreidiúint ar a dtugtar *Irish for Beginners* IR10050.

Leanfaidh an tOifigeach Gaeilge uirthi ag déanamh léirithe ag na himeachtaí eolais tionscnaimh Erasmus agus malairte neamh-AE a eagraíonn UCD agus tabharfaidh eolas ar leith maidir le cúrsaí gan creidiúint ag dul leo a chuireann Bord na Gaeilge ar fáil. Chomh maith leis seo leanfaidh Bord na Gaeilge lena sheastán ag Aonach Idirnáisiúnta na Mac Léinn, áit a gcuirfidh siad comhairle agus eolas ar fáil ar chúrsaí Gaeilge éagsúla ata ar fáil i UCD.

#### **4.20**

Úsáidfidh an Ollscoil an leagan oifigiúil Gaeilge d'ainmneacha áiteanna sa Ghaeltacht atá le fáil ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) do ghnó oifigiúil.

## **Caibidil 5**

### **Monatóireacht agus athbhreithniú ar an Scéim**

Déanfaidh Bord na Gaeilge UCD éascaíocht ar chur i bhfeidhm na scéime trí oiliúint teanga agus seirbhís aistriúcháin a sholáthar.

Beidh an fhreagracht ar Aturnae na hOllscoile agus Bainisteoir Gnóthaí Dílíthiúla, i gcomhairle le Bord na Gaeilge agus an tOifigeach Gaeilge, monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach spriocanna na hOllscoile atá leagtha amach sa Scéim. Beidh an fhreagracht air nó uirthi as caidreamh leis an gCoimisinéir Teanga bainteach leis an Scéim.

Beidh an fhreagracht ar bhainistíocht shinsearach na hOllscoile mar aon le Bord na Gaeilge agus Aturnae na hOllscoile agus Bainisteoir Gnóthaí Dílíthiúla as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim. Is iad na cinn Scoileanna agus Aonad ar fud na hOllscoile a dhéanfaidh an fheidhm mhonatóireachta go príomha ó lá go lá agus is iad a bheidh freagrach as cur chun feidhme na Scéime ina réimsí féin.

Tabharfaidh Aturnae na hOllscoile agus Bainisteoir Gnóthaí Dílíthiúla i gcomhairle le Bord na Gaeilge agus san tOifigeach Gaeilge tuairisc ar dhul chun cinn foriomlán cur chun feidhme na Scéime d'Údarás Rialaithe na hOllscoile.

### **Caibidil 6 An Scéim Aontaithe a Phoibliú**

Déanfar ábhair na Scéime mar aon le tiomantais agus forálacha na Scéime a phoibliú laistigh den Ollscoil agus don phobal ginearálta trí:

- Preaseisiúint;
- Seoladh Oifigiúil na Scéime;
- Na forálacha a fhógairt ;
- Gníomhaireachtaí ábhartha agus comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas; agus
- Láithreán gréasáin na hOllscoile

Chomh maith leis seo, nuair is féidir le Scoileanna agus Aonaid a thug tiomantas seirbhís a chur ar fáil, é seo a dhéanamh, déanfar é a phoibliú go cuí. Cuirfear cóip den Scéim seo ar fáil don Choimisinéir Teanga.